


Dánlann An Hugh Lane

Stiúideo Francis Bacon

Acmhainn do Dhaltaí Ardteistiméireachta san Ealaín, sa
Cheardaíocht agus sa Dearadh atá ag smaoineamh ar an gCeist
faoi Ghailearaithe a dhéanamh



Stiúideo Francis Bacon 7 Reece Mews. Grianghraf: Perry Ogden.
Bailiúchán: Dánlann An Hugh Lane. © Eastát Francis Bacon

Ceist an Ghailearaí: Machnamh a dhéanamh ar Stiúideo Francis Bacon

Aidhm na hAcmhainne

Tugann an acmhainn seo léargas duit ar conas stiúideo Francis Bacon a úsáid mar thaispeántán sa chuid 'Tuiscint don Ealaín' de Pháipéar Ardteistiméireachta Stair na hEalaíne, má roghnaíonn tú an cheist faoi ghailearaithe a dhéanamh.

Is taispeántán de chuid bhailiúchán buan Dhánlann An Hugh Lane, é stiúideo Francis Bacon. Treoróidh an acmhainn seo trí stiúideo Francis Bacon tú agus cuirfear ceisteanna ort chun ábhar machnaimh a thabhairt duit faoin taispeántán. Is taispeántas ann féin an stiúideo a thaispeánann timpeallacht oibre an ealaíontóra dúinn, chomh maith leis na hábhair a d'úsáid sé agus na hacmhainní pictiúrtha a spreag é. Cé go mbaineann na ceisteanna san acmhainn seo go sonrach le stiúideo Francis Bacon agus le saothair an ealaíontóra atá ar taispeáint ann, d'fhéadfaí na ceisteanna céanna a chur agus tú ag breathnú agus ag déanamh machnamh ar thaispeántas ar bith.

Is í aidhm na hacmhainne cabhrú leat, agus tú i do dhalta Ardteistiméireachta san Ealaín, sa Cheardaíocht agus sa Dearadh:

- Na príomhphointí a bhaineann leis an gCeist faoi Ghailearaithe ar pháipéar scrúdaithe stair na healaíne na hArdteistiméireachta a shainaithint agus a iniúchadh.
- An bealach a chuirtear i láthair taispeántán don phobal i ngailearaí, agus an bealach a théann an taispeántán sin i bhfeidhm ar an bpobal, a mheas go criticiúil.

Cuid 1

Leagan amach pháipéar Stair na hEalaíne sa scrúdú Ardteistiméireachta

Tá trí chuid ar leith i bpáipéar stair na healaíne na hArdteistiméireachta, agus iarrtar ort ceist amháin i ngach catagóir a fhreagairt.

- Díríonn an chéad chuid ar ealaín na hÉireann
- Díríonn an dara cuid ar ealaín na hEorpa
- Baineann an tríú cuid le do chuid tuairimí agus smaointe féin agus leis an tábhacht atá ag an ealaín i do shaol laethúil. Tá an cheist faoi ghailearaithe sa chuid seo den pháipéar.

Iarrtar ort cur síos a dhéanamh ar thaispeántas a chonaic tú le déanaí. Féadann tú taispeántas ar bith i ngailearaí, i músaem, in ionad cultúrtha nó oidhreacht nó i ngailearaí fíorúil a lua.

Leideanna: An cur chuige is fearr chun an cheist faoi ghailearaithe a fhreagairt

Más féidir, tabhair cuairt ar níos mó ná taispeántas amháin. Le linn do chuairt ar an taispeántas, cuimhnigh ar na gnéithe tábhachtacha ar fad a mbeidh ort cur síos a dhéanamh orthu sa scrúdú. Má thugann tú cuairt ar dhá thaispeántas ar a laghad, beidh tú in ann an cur chuige éagsúil a bhí ag na gailearaithe/na músaeim a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus, dá bhrí sin, beidh níos mó ábhar machnaimh agat chun an cheist a fhreagairt.

- Tar éis duit cuairt a thabhairt ar an taispeántas, breathnaigh an bhfuil léirmheas ar bith faoi sna meáin.
- Féach an bealach a dhéanann criticeoirí ealaíne measúnú, anailís agus léirmheas ar thaispeántais trí léirmheasanna a bhaineann le taispeántais a léamh ar na nuachtáin, sna hirisí agus ar an idirlíon. Féadann tú teacht ar léirmheasanna a rinneadh ar thaispeántais ar an suíomh gréasáin seo a leanas, mar shampla: <http://www.irishartsreview.com/>
- Déan staidéar ar sheanpháipéir scrúdaithe Ardteistiméireachta stair na healaíne. Is féidir na seanpháipéir scrúdaithe ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh a íoslódáil ag <http://www.examinations.ie/>
- Agus an scrúdú á dhéanamh agat, bí cinnte go léann tú na ceisteanna atá sa scrúdú go cúramach.
- Díriú isteach go beacht ar an rud atá á iarraidh ort a thabhairt chun cuimhne agus a mhíniú faoin taispeántas a chonaic tú.

Gach bliain, féadfaidh an cheist a chur i láthair agus a chur i bhfocail ar shlí éagsúil, a d'fhéadfaí eolas éagsúil a lorg uait faoi do chuairt ar an taispeántas agus faoin gcomhthéacs inar taispeánadh an saothar. Tabhair faoi deara an bealach inar leagadh amach an cheist faoi ghailearaithe sna blianta roimhe seo chun go mbeidh taithí agat ar na topaicí a mbeidh ort aghaidh a thabhairt orthu i do fhreagra. Go ginearálta, iarrfar ort an t-eolas seo a leanas a thabhairt faoin taispeántas a thug tú cuairt air:

- Ainm, áit agus feidhm na hinstitiúide ina bhfuil an taispeántas le feiceáil;
- An ailtireacht taobh amuigh/taobh istigh den institiúid; ar tógadh an gailearaí leis an sainchuspóir ealaín/déantáin a thaispeáint nó an foirgneamh athchóirithe atá ann?
- Áiseanna ginearálta do chuairteoirí, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, comharthaíocht;
- Teideal an taispeántáin ar leith a dhéanfaidh tú léirmheas air;
- Soláthar Eolais: bileoga, catalóga, léarscáileanna, lipéadú agus araile;
- Stíl agus scála an taispeántáin;
- Leagan amach: plean urláir an ghailearaí/an tseomra taispeántais, trácht cuairteoirí;
- An bealach a chuirtear na píosaí ealaíne i láthair, i ngrúpaí agus i gcatagóirí (de réir stíle, meán, go croineolaíoch, go geografach, agus araile;

- Taispeáint: an bealach a chrochtar/a thaispeántar na saothair, na frámaí atá acu, an leibhéal ar a bhfuil siad agus an bealach a bhfuil siad leagtha amach don chuirteoir;
- Soilsiú: suí agus tionchar an tsoilsihe, an gcuireann sé leis an saothar?
- An eagraítear ceardlanna/cainteanna/léachtanna/turais threoraithe nó ócáidí eile?
- Úsáid na teicneolaíochta: scáileáin tadhaill, gníomhaíochtaí idirghníomhacha, eolas ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí. An gcuireann an gailearaí turais fhíorúla ar an idirlíon ar fáil?
- An ngearrtar táille lontrála/an bhfuil saorchead isteach ann/an gá Ticéid a chur in Áirithint?

Cuid 2

Cuntas gairid ar stair na Dánlainne: Dánlann An Hugh Lane



Radharc de Dhánlann An Hugh Lane ón taobh amuigh

Agus an réamhrá á scríobh agat, tabhair cuntas gairid **d'ainm, do shuíomh, d'fheidhm** agus do **stair** na hinstiúide ina bhfuil an taispeántas le feiceáil ann. Seo roinnt eolais faoi Dhánlann An Hugh Lane a chabhróidh leat.

- Tá Dánlann An Hugh Lane lonnaithe i bhfoirgneamh Nuachlasaiceach a dhear William Chambers agus James Gandon.
- Tógadh an foirgneamh in 1763-65 ar son James Caulfeild, chéad Iarla Charlemont.
- Is é Hugh Lane, margaire agus bailitheoir ealaíne a rugadh i gCorcaigh, a bhunaigh Dánlann Nua-Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath in 1908. Bhí Dánlann Nua-Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath lonnaithe ar dtús i dTeach Clonmell, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath, agus in 1933 d'aistrigh sí go Teach Charlemont, áit a bhfuil sí go fóill. Rinneadh gailearaí sainfheidhme a dhear Horace O'Rourke, ailtire Chathair Bhaile Átha Cliath, a chur le Teach Charlemont an tráth sin. In 2006, osclaíodh sciathán nua a dhear na haitirí Gilroy McMahon ina raibh tuilleadh spáis do thaispeántais, Ionad Acmhainní Foghlama, siopa leabhar agus caifé, chomh maith le saoráidí feabhsaithe eile.

- Is gailearaí é Dánlann An Hugh Lane ina bhfuil bailiúchán de shaothair ealaíne nua-aoiseacha chomhaimseartha.
- Is saothair ealaíne ó lár an 19ú haois go dtí an lá atá inniu ann atá i mbailiúchán na dánlainne.
- Cuimsíonn an bailiúchán saothair de chuid na máistrí Impriseanaíocha agus saothair ealaíontóirí Éireannach agus idirnáisiúnta ón 20ú agus ón 21ú aois, chomh maith le Seomra Sean Scully agus Stiúideo Francis Bacon.
- Tacaíonn an dánlann le cleachtas ealaíne comhaimseartha Éireannach agus idirnáisiúnta.
- Tá clár fairsing oideachais ag an dánlann atá dírithe ar phobail éagsúla.
- Tá saorhead isteach sa Dánlann agus tá sé oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

An comhthéacs: Dánlann An Hugh Lane

Tar éis duit an réamhrá a scríobh, tabhair léargas ginearálta ar an gcomhthéacs ina dtaispeántar an saothar agus freagair na ceistanna seo a leanas maidir le Dánlann An Hugh Lane:

Roimh dhul isteach sa dánlann, an dtugann ailtireacht an fhoirgnimh ón taobh amuigh aon leid duit faoin gcineál bailiúcháin atá le feiceáil ann?

An bhfuil aon chomharthaíocht nó fógraíocht do thaispeántais reatha le feiceáil? Más amhlaidh go bhfuil, déan cur síos ar an mbealach a théann siad seo i bhfeidhm ar chuairoteoirí.

Cad é an chéad imprisean a bhíonn agat agus tú ag dul isteach i nDánlann An Hugh Lane? Cén cineál atmaisféir atá ann?

Cén áit a bhfuil eolas ar fáil faoin ngailearaí agus faoin taispeántas ar mhaith leat cuairt a thabhairt orthu agus cén leagan amach atá ar an eolas a thugtar duit? (catalóga, mapaí, clár imeachtaí, bileoga eolais, scáileáin, srl)

An gcuirtear pleananna urláir don ghailearaí/taispeántas ar fáil? An raibh siad úsáideach? Cén fáth?

Cad iad na gnéithe maisiúla ailtireachta a fheiceann tú agus tú ag dul isteach sa ghailearaí ar urlár na talún? Déan cur síos ar an mbealach a théann an spás seo i gcion ort. Cuir an spás seo i gcomparáid le spásanna eile a thug tú cuairt orthu.

Sula dtéann tú isteach i Stiúideo Francis Bacon, tabhair faoi deara an cineál ealaíne atá ar taispeáint sa ghailearaí ar urlár na talún. Cad é do bharúil faoin mbealach a léirítear na píosaí ealaíne sa spás seo? (Ar bhealach traidisiúnta, spéisiúil, mar shampla)

Is ionann na píosaí ealaíne a fheiceann tú agus tú ag siúl tríd an ngailearaí agus saothair ó bhailiúchán buan na Dánlainne. Cad is brí le ‘bailiúchán buan’, dar leat?

Roghnaigh seomra amháin de bhunurlár na Dánlainne. Conas a dhéanfa cur síos ar na píosaí ealaíne atá ann? Cén ré lena mbaineann siad? An saothar de chuid ealaíontóirí Éireannacha nó idirnáisiúnta, den chuid is mó, atá ar crochadh ar an mballa? An bhfuil pictiúirí a rinne Francis Bacon nó grianghraif de Stiúideo Francis Bacon ar taispeáint sna spásanna eile sa Dánlann?

Cé chomh tábhachtach is atá sé saothar ealaíontóirí comhaimseartha/ ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, a bhfuil clú náisiúnta nó áitiúil bainte amach acu, a thaispeáint? Cén fáth?

An bhfuil saothar ealaíontóirí idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla le feiceáil sna taispeántais a eagraíonn Dánlann An Hugh Lane? Cuir ceist ar an treoraí turais nó ar na freastalaithe sa ghailearaí nó breathnaigh ar shuíomh gréasáin na Dánlainne chun eolas a fháil faoi na taispeántais a tharla roimhe seo.

Cuid 3

Stiúideo Francis Bacon

Ag siúl díreach tríd an ngailearaí ar urlár na talún sroichfidh tú an bealach isteach go dtí Stiúideo Francis Bacon. Tá stiúideo Francis Bacon lonnaithe i gcoimpléasc ina bhfuil seomra closamhairc, cásanna taispeántais ina dtaispeántar ar bhonn athraitheach rudaí éagsúla a aimsíodh i stiúideo Francis Bacon; an stiúideo athchruthaithe, micreaghailearaí ina bhfuil teirminéil scáileáin tadhaill agus Seomra Chambers ina bhfuil saothair neamhchríochnaithe de chuid an ealaíontóra.

Bhí stiúideo Francis Bacon lonnaithe ar dtús ag 7 Reece Mews, South Kensington i Londain, áit a raibh Francis Bacon ina chónaí agus ag obair ó 1961 go dtí 1992, an bhliain a fuair sé bás.

Cén fáth a cuireadh stiúideo Francis Bacon san áit áirithe seo sa bhfoirgneamh, dar leat? Cad é do bharúil faoin suíomh atá aige i leagan amach an ghailearaí ar fad?

Cén fáth, dar leat, a bhfuil doras gloine a osclaíonn go huathoibríodh idir an spás seo agus an chuid eile den ghailearaí?

Déan cur síos ar an atmaisféar atá sa spás ina bhfuil coimpléasc stiúideo Francis Bacon lonnaithe? An bhfuil sé éagsúil ón atmaisféar atá sa chuid eile den ghailearaí? Cén bealach agus cén fáth a bhfuil sé éagsúil?

Cad é an chéad imprisean a bhíonn agat faoin mbealach a bhfuil an stiúideo curtha i láthair don phobal? Déan cur síos ar an mbealach a théann an spás i gcion ort. An bhfuil spéis agat dul níos faide leis seo?

Sa chéad seomra tar éis duit dul tríd an doras gloine tá scáileán mór a léiríonn cuid d'agallamh iomráiteach a rinne Francis Bacon le Melvyn Bragg in 1985 don Southbank Show.

Cár tharla an t-agallamh? Tá an scannán, atá curtha ar lúb, timpeall 10 nóiméad ar fhad. Cén tábhacht a bhaineann leis an achar ama seo ó thaobh an lucht féachana de? Cén cineál spáis a chuirtear ar fáil do lucht féachana an scannáin?

Cén tábhacht a bhaineann leis an scannán seo, agus cén t-eolas a thugann sé don lucht féachana? An gcabhraíonn an scannán seo leis an bpobal tuiscint níos fearr a fháil ar thábhacht stiúideo Francis Bacon? Cén bealach a mhúsclaíonn sé spéis an phobail san ealaíontóir, más amhlaidh go músclaíonn sé iad ar chor ar bith? Cad é do bharúil faoin scannán?

Cén tábhacht atá leis an méid atá le rá ag Bacon i rith an agallaimh? Éist go cúramach agus breac síos cuid de na freagraí a thugann Bacon ar cheisteanna Melvyn Bragg.

Tá téacsanna scríofa ar bhallaí an tseomra chlosamhairc. Cad é do bharúil faoin mbealach a chuirtear na téacsanna sin i láthair? Cén bhaint atá ag na téacsanna leis an ealaíontóir?

An bhfuil sé tábhachtach tuairimí an ealaíontóra faoina shaol agus faoina shaothar a bheith againn ina bhfocail féin? Cén fáth?

An furasta gluaiseacht ó áit amháin den taispeántán go dtí áit eile? Cén fáth? Déan cur síos ar an mbealach ar féidir bogadh ó áit amháin go dtí áit eile den taispeántán.

Cad é an chéad imprisean a bhí agat den spás ina bhfuil an Stiúideo lonnaithe?

Ar léigh tú aon chuid de na téacsanna atá ar an mballa? An músclaíonn na téacsanna spéis ionat agus an míníonn siad a thábhachtaí agus a bhí an Stiúideo do Bacon?

Cad é do bharúil faoin dath a cuireadh ar na ballaí agus faoi dhath agus uigeacht an urláir chloiche a shiúlann tú air? Cad as atá siad déanta? Cén difear atá idir na hábhair seo agus na hábhair a úsáideadh don stiúideo?

Cé a roghnaigh an dearadh seo, dar leat, agus a rinne an cinneadh chun na hábhair sin a úsáid sa spás ina bhfuil an stiúideo lonnaithe?

Tá dhá chás fhada déanta as gloine ag dul timpeall ar bhallaí an stiúideo atá os ár gcomhair amach. Taispeántar iontu, ar bhonn athraitheach, rudaí éagsúla a aimsíodh i stiúideo Francis Bacon. Cén bhaint atá acu le saothar Bacon?

An féidir leat an staighre adhmaid atá leagtha isteach in urlár choimpléasc an stiúideo a aimsiú? Tugadh an staighre seo anall ó 7 Reece Mews. Cén bealach a mhothaíonn tú agus tú ag seasamh os cionn an staighre? An féidir leat Bacon a shamhlú agus é ag dreapadh an staighre chun dul isteach sa stiúideo agus san áit chónaithe a bhí aige ar an gcéad urlár den mews? Cén tábhacht a bhaineann leis an aistear seo a shamhlú?



Stiúideo Francis Bacon 7 Reece Mews. Grianghraf: Perry Ogden.
Bailiúchán: Dánlann An Hugh Lane. © Eastát Francis Bacon

‘Gineann an t-anord pictiúirí dom, agus tagann feabhas ar mo chuid saothair dá bharr’

Francis Bacon

Cén tábhacht a bhaineann le hathchruthú an stiúideo mar a bhíodh sé agus é a chur ar taispeáint don phobal, dar leat? Cén t-eolas a thugann sé dúinn faoin ealaíontóir?

Samhlaigh Bacon ag obair sa stiúideo. An bhfuil a lorg le brath ann? Cén bealach a mhothaigh sé agus é i mbun oibre ann, dar leat? An bhféadfá obair a dhéanamh ina leithéid d'áit? Cén fáth?

Dúirt Bacon nár phéinteáil sé 'aon phictiúr teibí' riamh seachas na pictiúirí a bhí ar bhallaí an stiúideo. Déan cur síos ar bhallaí an stiúideo. Cad iad na bealaí eile a bhain sé úsáid astu?

Déan cur síos ar urlár an stiúideo agus ar na rudaí atá scaipthe ar fud an urláir.

Is annamh a phéinteáil Bacon pictiúirí d'ábhair bheo. Samhlaigh cén fáth a bhailigh Bacon a oiread sin acmhainní físe éagsúla. Cén tionchar a bhí ag na hacmhainní seo ar a chuid saothair?

Aimsigh an dá pholl fhaire fhéadánach atá suite i mballaí seachtracha an stiúideo. Breathnaigh tríothu agus breac síos cad a fheiceann tú. Cén fáth, dar leat, a bhfuil na poill dírithe ar an gcuid áirithe sin den stiúideo? Déan cur síos ar na radharcphointí éagsúla atá ag an gcuaiteoir le féachaint ar an stiúideo.

Aimsíodh os cionn dhá mhíle cineál péinte éagsúil sa stiúideo. Cad iad na hábhair agus na huirlisí a d'úsáid Bacon agus é ag péinteáil? Déan liosta de na hábhair éagsúla a d'úsáid sé chun a chuid saothair a chruthú.

D'oibrigh Bacon go minic ar chanbháis neamhphrímeáilte, agus bhíodh barúil ghinearálta aige, roimh ré, faoin gcomhdhéanamh a bheadh ag an bpictiúr a raibh sé ag obair air. Fuarthas go leor canbhás neamhchríochnaithe agus scriosta sa stiúideo. Cén léargas a thugann na canbháis neamhchríochnaithe agus scriosta duit ar an bpróiseas a bhí ag Bacon a chuid oibre a dhéanamh?

Má shiúlann tú timpeall ar imeall an stiúideo ar fad, tiocfaidh tú go dtí dhá shaisfhuinneog atá ann ón am ar tógadh an foirgneamh an chéad lá. Arís eile, féadann tú breathnú trí na fuinneoga agus an réimse mór ábhar atá sa stiúideo a fheiceáil. Cuireann sé ionadh orainn go raibh Bacon in ann a bheith ag obair sa stiúideo agus é timpeallaithe ag a oiread sin íomhánna agus ábhar.

Cén fheidhm sa stiúideo, dar leat, a bhí ag an scáthán ciorclach atá breac le meirg? An raibh a fhios agat go raibh Bacon ina dhearthóir troscán ar feadh tamaill?

Cén cuspoir a bhaineann an gailearaí amach agus an stiúideo á chaomhnú aige mar a bhíodh sé? Ar fhoghlaím tú aon rud nua faoi mhodhanna oibre an ealaíontóra de bharr an stiúideo agus ábhair an stiúideo a fheiceáil? An raibh sé chomh maith lena raibh tú ag súil?

Cén fáth, dar leat, nach gceadaítear duit dul isteach sa stiúideo?

An raibh aon rud ann ar theastaigh uait radharc níos grinne a fháil air? Cad a bhí ann? Cén fáth?

Dá mbeifeá i do choimeádaí ar stiúideo agus ar thaispeántán Francis Bacon, an mbeadh cur chuige difriúil agat? Mol cúpla bealach eile a bhféadfaí an stiúideo a chur i láthair agus an t-eolas a chur in iúl don phobal.

Féach ar shuíomh gréasáin an Hugh Lane www.hughlane.ie. Cén t-eolas a thugtar faoi stiúideo Francis Bacon ar an suíomh (taispeántáin, bailiúcháin, oideachas, club na bpáistí, foilseacháin)? An músclaíonn sé spéis ionat? Cad é ba mhaith leat a bheith ar fáil in acmhainn ealaíne ar líne do dhaltaí?

Plean urláir choimpléasc Stiúideo Francis Bacon



Ábhar Foinse: a spreag an t-ealaíontóir agus a thug inspioráid dó

Léiríonn stiúideo Francis Bacon chomh fairsing agus chomh héagsúil agus a bhí na híomhánna a bhailigh sé le húsáid a bhaint astu ina phéintéireacht. Feictear lorg a mhéara, a raibh smálaithe le péint, ar na híomhánna, rud a léiríonn gur minic an tagairt a rinne sé dóibh agus gur iontach an spreagadh a thug siad dóibh. Mheall íomhánna drámata Bacon, agus bhí sé an-tógtha le híomhánna ina raibh gluaiseacht agus a léirigh an cholainn dhaonna i mbaol, í galrach, gortaithe agus briste. Fuarthas go leor irisí agus leabhair leighis sa stiúideo, ina raibh íomhánna de neamhoird chraicinn, paiteolaíocht fhóiréinseach agus gnáthaimh mháinliachta. Fuarthas leabhair de ghrianghrafadóireacht x-gháthach, agus síltear go bhfuil baint ag na móitífeanna a bhfuil ciorcail agus saigheada orthu a fhaightear i bpéintéireacht Bacon leis na siombailí a úsáidtear chun gortuithe a chur in iúl ar scannáin x-gháthacha. (Cappock, 2005, lch 103)

Glaoitear péintéir fíorach ar Bacon go minic. Bhí sé ar cheann de na péintéirí fíoracha is mó le rá i lár an 20ú haois, agus sháraigh sé teorainneacha na healaíne de bharr an ábhair a léirigh sé, ábhar a tharraing aird an phobail a bhfuil spéis acu san ealaín comhaimseartha air agus a chur faoi gheasa iad. Conas ar éirigh leis é seo a dhéanamh, dar leat?

Déan cur síos ar na fíoracha atá le feiceáil i gcónaí i saothar Bacon agus mínigh conas a léirítear iad. Déan cur síos ar na téamaí a thagann aníos arís is arís eile i saothar Bacon agus mínigh cén fáth a n-aithnítear comharthaí sóirt stíl an ealaíontóra láithreach. Cad iad comharthaí sóirt stíl Francis Bacon? An féidir leat an tionchar a d'imir íomhánna leighis ar phéintéireacht Bacon a shainaithint i gceann dá phictiúir?

Grianghrafadóireacht

D'úsáid Bacon grianghraif go mion minic mar ábhar foinse dá shaothar agus chun réamhleaganacha a chruthú dá phictiúir. Fuarthas go leor leaganacha de na híomhánna céanna sa stiúideo, amhail íomhánna dá pháirtneirí Peter Lacy, George Dyer agus dá chara John Edwards. Ghlac an grianghrafadóir John Deakin grianghraif de George Dyer sa stiúideo agus é ag cur staidiúir éagsúla air féin. Feictear lorg na n-íomhánna sin arís agus arís eile i saothar Bacon. Déantar iniúchadh ar an uaigneas, an foréigean agus an bás arís agus arís eile i bpéintéireacht Bacon; is minic a d'úsáid sé íomhánna dá bpáirtneirí agus dá gcairde mar ábhar ina chuid pictiúirí. (2009, Dawson, lch. 66)

Chaith Bacon go leor ama ag bualadh lena chairde in Soho, Londain, áit a mbeadh daoine boihéamacha ilghnéitheacha mar chomhluadar aige sna tithe tábhairne agus sna clubanna. Ceann de na háiteanna is mó a thaitin leis ba ea an Colony Room, áit a chas sé go minic lena chairde Lucien Freud, Isabel Rawsthorne agus Henrietta

Moraes, daoine a d'úsáid sé mar ábhar ina chuid saothair. Meabhraigh na gluaiseachtaí ealaíne eile, agus na healaíontóirí a bhaineann leis na gluaiseachtaí sin, a ndearna tú staidéar orthu sa chúrsa Stair na hEalaíne. Faigh amach cén áit a gcasadh na hImpriseanaithe ar a chéile i bPáras agus cén áit a mbualadh na hEispriseanaithe Teibí lena chéile i Nua-Eabhrac. Cén tionchar a bhíonn ag a thimpeallacht ar shaothar an ealaíontóra?




Grianghraf a ghlac John Deakin de George Dyer agus a aimsíodh i Stiúideo Francis Bacon. Bailiúchán: Dánlann An Hugh Lane. ©Eastát Francis Bacon.

John Deakin (1912-1972)

Choimisiúnaigh Francis Bacon an grianghrafadóir faisin clúiteach John Deakin chun grianghraif a ghlacadh dá chairde. Aimsíodh os cionn trí chéad grianghraf, giota de ghrianghraf agus claonchló de chuid Deakin sa stiúideo. Ar bhain tú úsáid riamh as grianghraif nó as íomhánna eile a d'aimsigh tú mar thúsphointe chun d'ealaín féin a chruthú?

Ba mhinic a d'ionramháil Bacon na grianghraif sin - cloigeann John Edwards a chur os cionn cholainn/staidiúir George Dyer, mar shampla - chun iliomad macasamhal éagsúil a chruthú. Rinne sé grianghraif a stróiceadh, a fhilleadh, a ghreamú le bioráin agus, uaireanta, a phéinteáil, chun acmhainní físe nua a chruthú agus spreagadh a thabhairt dá phéintéireacht. Rinne sé é seo chun a lorg féin a fhágáil ar an íomhá agus míniú éagsúil a thabhairt dó ina phéintéireacht. (O'Donnell, 2009, lch 103)

Eadweard Muybridge (1830-1904)



Foinse a d'úsáid Bacon arís agus arís eile ba ea saothar an ghrianghrafadóir Eadweard Muybridge, a ghlac grianghraif den fhíor dhaonna ag déanamh gach cineál gnímh dá bhféadann tú cuimhneamh air. Fuarthas roinnt cóipeanna de leabhair Muybridge, *The Human Figure in Motion* agus *Animal Locomotion* i stiúideo Bacon. (Dawson, 2009, lch.59)



Peter Beard (1938-2020)

Thug an grianghrafadóir agus ealaíontóir Meiriceánach Peter Beard, a d'éirigh cairdiúil le Bacon, pictiúirí a rinne sé d'ainmhithe fiáine dó. Phéinteáil Bacon go leor portráidí de Peter Beard freisin. Rinne leabhar ceannróaíoch Beard *The End of the Game* (1965) cur síos ar mheath fhiadhúlra na hAfraice. Thaispeáin an leabhar, I measc ainmhithe eile, grianghraif d'eilifintí a bhí ag fáil bháis den ocras agus d'eilifintí marbha agus iad ag lobhadh. Fuarthas timpeall dhá chéad íomhá de chuid Beard sa stiúideo, rud a léiríonn an cairdeas agus an chomhthuiscint a bhí idir an bheirt ealaíontóir. (Daniels, 2009, lch.135)

Francis Bacon agus an Ghrianghrafadóireacht

Bhí caidreamh casta ag Bacon leis an ngrianghrafadóireacht, agus is minic a shéan sé an tionchar a bhí aige ar a shaothar. Mhaígh sé nár úsáid sé grianghraif ach mar chabhair chomhdhéanaimh agus chuimhneacháin, ach d'admhaigh sé an tábhacht a bhí ag an ngrianghrafadóireacht dó mar thionchar agus mar inspioráid, ag rá gur 'chuir grianghraif áirithe as go mór dó'. (Harrison, 2009, lch. 73)

Cén fáth, dar leat, a d'úsáid Bacon grianghraif mar thagairtí arís agus arís eile ina shaothar?


Cad is féidir le grianghraf a chur in iúl nach féidir le líníocht nó pictiúir a léiriú, dar leat?

An féidir leat tionchar na grianghrafadóireachta a fheiceáil in ábhar phictiúir Bacon? Déan roinnt léitheoireachta faoi Francis Bacon (féach an leabharliosta) chun ceangail a dhéanamh idir a phictiúir agus na grianghraif a aimsíodh sa stiúideo.

Francis Bacon agus an Líníocht

Is minic a mhaíodh Bacon nach ndearna sé aon réamhleagan dá shaothair ach gur 'ionsaigh sé an canbhás láithreach' D'ainneoin sin, fuarthas beagnach 70 sceitse ar pháipéar agus smaointe comhdhéanaimh i scríbhinn sa stiúideo. Is léargas freisin na pictiúirí neamhchríochnaithe de chuid Francis Bacon atá ar taispeáint i Seomra Chambers ar mhodhanna réamhoibre an ealaíontóra.

Chuir Bacon béim go minic ar an ról lárnach a bhí ag an seans sna modhanna oibre a bhí aige agus rinne sé cur síos ar an gcaoi a d'imir an seans tionchar ar thoradh a chuid péintéireachta. (Shepard, 2009, lch.153). Céard a bhí i gceist ag Bacon sa ráiteas sin?



Gan Teideal (An Phortráid Dheireanach Neamhchríochnaithe) Francis Bacon 1991-92.
 Ola ar canbhás, 198.2 x 146.7 cm. Arna bhronnadh ag John Edwards, 1998. Bailiúchán: Dánlann An
 Hugh Lane. © Eastát Francis Bacon

Acmhainn Dhigiteach: An Micreaghailearaí

Úsáid na Teicneolaíochta



Cur isteach na dteirminéal scáileáin tadhaill i gcoimpléasc Stiúideo Francis Bacon.

Tugann an Micreaghailearaí, ina bhfuil seacht scáileán digiteach idirghníomhach, deis don phobal staidéar mion a dhéanamh ar an stiúideo. Is cartlann fhíse chuimsitheach gach teirminéal ina bhfuil leagan cóirithe den bhunachar Francis Bacon a chruthaigh an gailearaí ar fáil. Cruthaíodh an bunachar sonraí *‘chun léargas a thabhairt ar an gcuimse ábhar atá tagtha chun solais agus ar an athrú mór atá déanta aige ar an tuiscint atá againn ar an ealaíontóir.’* (Dawson, 2005, lch 21)

Tá guthú ag dul leis na híomhánna ar na scáileáin, agus bíonn fotheidil ar fáil ar chuid acu. Tá gléas éisteachta ar thaobh an teirminéil, a thugann rochtain ar na cartlanna agus a threoraíonn an t-úsáideoir tríd an acmhainn dhigiteach. Tá mionchuntas san acmhainn ar óige Bacon in Éirinn agus ar na tithe ina raibh cónaí air. Tugtar chun cuimhne na páirtneirí agus na cairde a raibh tionchar acu ar ábhar a chuid péintéireachta. Doiciméadaíonn sé an réimse fairsing íomhánna a aimsíodh sa stiúideo, lena n-áirítear leabhair, catalóga agus irisí, agus míníonn sé an bealach a d'úsáid Bacon na híomhánna sin mar ábhar foinse agus mar théama buan ina shaothar.

Seo roinnt de na ceisteanna a d'fhéadfá a scagadh agus tú ag dul tríd an eolas a chuirtear ar fáil ag na teirminéil dhigiteacha:

- Cé hiad na healaíontóirí a raibh tionchar acu ar Bacon? Agus a spreag é?
- Cén áit i mBaile Átha Cliath a rugadh Bacon?
- Cén phortráid péinteáilte de chuid Velázquez a bhí ina mhórtionchar ar Bacon?
- Ainmnigh ceann de na pictiúirí a chruthaigh Bacon a fuair spreagadh díreach ó phictiúr Velázquez?
- Cén t-ainm a bhí ar an ngrianghrafadóir a ghlac grianghraif d'ainmhithe agus de dhaoine ag gluaiseacht?
- Déan cur síos ar an réime ábhair ealaíne a fuarthas i stiúideo Francis Bacon.

Cuid 4

An Turas: 'Sórt Filleadh Abhaile'

Tar éis duit an stiúideo a fheiceáil, an bhfuil spéis agat a fháil amach conas ar aistríodh an stiúideo go Dánlann An Hugh Lane?

Arb é an stiúideo céanna é inar chruthaigh Francis Bacon a chuid pictiúirí?

Ghlaoigh Barbara Dawson, Stiúrthóir Dhánlann An Hugh Lane, 'sórt filleadh abhaile' ar aistriú an stiúideo chuig an ngailearaí agus ar an gcinneadh a glacadh é a lonnú i mBaile Átha Cliath (Dawson, 2005, lch 11)

Cad a bhí i gceist aici sa ráiteas sin?

Is sa bhliain 1998 a thosaigh an turas sin a d'athlonnaigh Stiúideo Francis Bacon ó Londain go Baile Átha Cliath. Chas John Edwards ar Bacon sna 1970í agus bhí sé ina chara agus ina chompánach dó go dtí go bhfuair Bacon bás in 1992. Is é an t-aon oidhre ar eastát Bacon é. Chreid John Edwards agus d'aontaigh an tOllamh Brian Clarke leis, a

bhí ina sheiceadóir ar eastát Bacon, nach raibh aon áit a thug léargas níos fearr ar mhodhanna oibre Bacon ná an stiúideo ag 7 Reece Mews. Mhothaigh an bheirt acu, dá ndéanfaí an stiúideo a chaomhnú díreach mar a bhíodh sé agus é a bhronnadh ar ghailearaí, go mbeadh tionchar leanúnach aige ar scoláirí agus ar thaighdeoirí a bhí ag iarraidh léargas a fháil ar mhodhanna oibre an ealaíontóra. Tar éis dóibh roinnt roghanna éagsúla a chur sa mheá, dhírigh siad a n-aird ar Bhaile Átha Cliath, an chathair inar rugadh Bacon sa bhliain 1909. Léirigh Stiúrthóir an Hugh Lane, Barbara Dawson, an-spéis sa smaoineamh agus chuaigh siad i mbun cainte lena chéile. Fuair an tionscadal maoiniú ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ó Ireland Funds, I measc foinsí eile. Is é an t-aitire David Chipperfield a dhear coimpléasc stiúideo Francis Bacon. Cén fáth nach ndéanfaí roinnt taighde faoi obair David Chipperfield agus é a chur i gcomparáid lena chuid oibre i gcoimpléasc stiúideo Francis Bacon.

Tochailt agus Athlonnú

Ba thionscadal ceannródaíoch an próiseas chun an stiúideo a aistriú ina iomlán go Baile Átha Cliath agus é a chur ar taispeáint don phobal, agus bhí go leor dúshlán ag baint leis. Bhí ar fhoireann an ghailearaí a chinntiú go gcoinneofaí slán an stiúideo agus, ag an am céanna, go mbeadh deis ag an bpobal breathnú ar an stiúideo agus é a iniúchadh ar go leor bealaí.

Sular baineadh anuas an stiúideo ag 7 Reece Mews, rinne foireann coimeádaithe, caomhnóirí agus seandálaithe suirbhé fairsing chun suíomh sonrach ábhair an stiúideo a mheas, a scrúdú agus a thaifead. Bhain an fhoireann úsáid as modhanna seandálaíochta chun taifead a dhéanamh ar ábhair an stiúideo sular baineadh anuas é thar thréimhse dhá sheachtain. Rinne siad taifead ar an eolas ábhartha ag baint úsáide as mapaí láithreáin, as líníochtaí suirbhé agus as grianghraif chun a chinntiú go bhféadfaí an stiúideo a athchruthú ina thimpeallacht nua go díreach mar a bhíodh sé leagtha amach. Ghlac an grianghrafadóir Perry Ogden grianghraif den stiúideo sular athlonnaíodh é agus tá roinnt de na grianghraif áille seo ina gcuid de bhailiúchán buan an Hugh Lane anois.

Fionnachtana

Nuair a scrúdaíodh níos grinne an stiúideo, léirigh an taighde go raibh eagar éigin ar an stiúideo, eagar nach dtabharfá faoi deara ar an gcéad amhairc. Bhí áiteanna ar leith sa stiúideo ag Bacon ina ndearna sé péintéireacht, ina charn sé a acmhainní físe, ina leag sé amach a phrócaí ábhar datha agus a ábhair ealaíne, agus áit eile a leag sé a chanbháis thréigthe/scríosta. Nuair a bhí taifead déanta de gach rud a bhí sa stiúideo, agus nuair a bhí an t-ábhar ar fad pacáilte agus aistrithe amach as an áit, rinneadh struchtúr an stiúideo, lena n-áirítear na ballaí taobh istigh, an tsíleáil, na cláir urláir agus an doras a bhaint anuas agus a aistriú go Baile Átha Cliath.

Bhí áit chónaithe Bacon ar an urlár céanna, áit nach raibh aon éirí in airde ag baint leis d'ainneoin an rath agus an saibhreas a bhí bainte amach ag Bacon ag an tráth sin dá shaol. Bhí an áit chónaithe slachtmhar agus praiticiúil, gan mórán troscán agus gach aon rud ina áit féin. Ba mhór idir é agus anord an stiúideo. Bhí dhá sheomra san áit chónaithe. Bhí níos mó ná feidhm amháin ag gach seomra. D'úsáidtí an seomra suí mar

sheomra codlata agus an chistin mar sheomra folctha. Rinne an grianghrafadóir Perry Ogden taifead ar áit chónaithe Bacon chomh maith. Féach ar chatalóg na Dánlainne ar www.hughlane.ie chun comparáid a dhéanamh idir áit chónaithe Francis Bacon agus an stiúideo.

Ghlac an obair athchóirithe a rinneadh ar an stiúideo i mBaile Átha Cliath agus an taifead a rinneadh ar an 7,000 earra a fuarthas i rith na tochailte seandálaíochta a rinneadh ar an spás trí bliana ó 1998-2001, an bhliain a osclaíodh go hoifigiúil coimpléasc an stiúideo don phobal. Is acmhainn fhíorspéisiúil an stiúideo chun modhanna oibre agus deasghnátha Bacon a scrúdú agus chun léargas a fháil ar na tionchair éagsúla a ndeachaigh i bhfeidhm air mar ealaíontóir. (Dawson, 2005, lch 11-19)

Is iad na seónna *Bacon in Dublin* (2000) agus *Francis Bacon: A Terrible Beauty* (2009) roinnt de na mórthaispeántais de shaothar Bacon a eagraíodh ag an Hugh Lane.

Cuid 5

Freagra/tasc an dalta

Déan plé ar dhá cheann de phictiúr Francis Bacon atá ar taispeáint sa Dánlann.

Tá roinnt de phictiúir neamhchríochnaithe Francis Bacon i Seomra Chambers, spás atá mar chuid de choimpléasc stiúideo Francis Bacon. Roghnaigh dhá phictiúr ón seomra sin nó dhá phictiúr a bhfuil spéis agat iontu agus atá ar taispeáint áit éigin eile sa Dánlann agus pléigh iad faoi na teidil seo a leanas:

Méid/Leagan Amach: An mbíonn aon tionchar ag méid/scála píosa ealaíne ar a mbealach a mbreathnaítear air? An bhfuil leagan amach cothrománach nó ingearach aige?

Comhdhéanamh: Cén leagan amach atá ar chomhdhéanamh/cruthanna an phictiúir? Déan cur síos ar thosach, lár agus cúlra an phictiúir. An bhfuil comhdhéanamh siméadrach nó neamhsiméadrach aige? An bhfuil cothromaíocht idir na heilimintí éagsúla sa phictiúr? Conas a bhaintear amach an chothromaíocht sin?

Eilimintí Ealaíne: déan anailís fhoirmiúil ar an saothar agus déan trácht ar an mbealach a d'úsáid an t-ealaíontóir línte, cruthanna, uigeacht, patrúin, fíoracha agus mar sin de.

Stíl: Cén bealach a ndéanfa cur síos ar stíl phéintéireachta Francis Bacon? An stíl mhacasamhlach, theibí, leaththeibí nó eispriseanaíoch atá aige? Mínigh cén fáth a luann tú an stíl áirithe sin le saothar Bacon.

Próiseas, Ábhair, Teicnící: Déan cur síos ar an modh oibre a bhí ag Bacon agus é ag cruthú a chuid pictiúirí. Cén cineál ábhar a d'úsáid sé? Cén bealach ar úsáid sé an canbhás? Cén bealach a chur sé péint ar an gcanbhás agus cén cineál uirlisí a d'úsáid sé?

Téamaí/Ábhair: Glaoitear péintéir fíorach ar Francis Bacon go minic. Cén t-ábhar óna bhfuair sé a chuid inspioráide chun a phictiúir a dhéanamh? Cad iad na téamaí

a ndearna sé iniúchadh orthu ina shaothar agus cén ceangail atá idir na téamaí seo agus an t-ábhar a d'úsáid sé?

Comhthéacs: Cathain a cruthaíodh an saothar? Cén duine nó cén rud a d'imir tionchar ar Bacon agus é ag cruthú an phictiúir?

Pailéad dathanna: An mbíonn dathanna ceannasacha áirithe le feiceáil arís agus arís eile i bpictiúir Bacon? Cén cineál mothúchán a mhúsclaíonn na dathanna sin?

Léirmhíniú, Siombalachas/Brí/Teachtaireachtaí: Cad atá á rá ag an ealaíontóir ina phictiúir? An bhfuil siombail le feiceáil ina shaothar? Cén bhrí atá leo, dar leat? An bhfuil aon rud sa phictiúr a bhféadfá ceangail le do shaol féin?

Léiriú/Frámu/Soilsiú: Cén bealach a dhéantar na pictiúirí a thaispeáint sa ghailearaí? Déan cur síos ar na frámaí a úsáidtear; an gcuireann siad leis na pictiúirí nó an mbaineann siad d'intinn astu? Déan cur síos ar an mbealach a dhéantar an spás a shoilsiú? Cén t-eolas a chuirtear ar fáil maidir leis an bpictiúr? An bhfoghlaímíonn tú rud éigin uaidh? An bhfuil glónra ar na pictiúirí?

Próiseas an Ealaíontóra: Cad a spreag Francis Bacon chun an dá phictiúr a roghnaigh tú a chruthú, dar leat?

Cad iad na híomhánna nó na píosaí ealaíne a rinne ealaíontóirí eile a spreag Bacon, dar leat?

Dá mbeifeá ag cruthú píosa ealaíne cad iad na modhanna taighde a mbainfeá úsáid astu?

Cén cineál íomhánna a mbaileofa chun an próiseas cruthaitheach a chur ar bun agus do shamhlaíocht a spreagadh?

Cén bealach a d'fhéadfadh pictiúirí, modhanna oibre agus próisis Francis Bacon a bheith mar inspioráid duit agus tú ag cruthú do chuid ealaíne féin?

Freagra/tasc an dalta

Coimeádaithe óga

Dá gcuirfí an cúram ort taispeántas de shaothar Francis Bacon a eagrú agus a léiriú i do scoil/do phobal, cén chuid dá shaothar a thaispeánfa agus cén fáth?

Cén áit a chuirfeá an saothar ar taispeáint.

Agus tú i do choimeádaí, cén bealach a chuirfeá an saothar ar taispeáint agus cén pictiúirí a chuirfeá ar taispeáint i ngrúpaí le chéile?

Cén rochtain a bheadh ag an bpobal ar na saothair agus conas a dhéanfa slándáil an tsaothair ealaíne a chinntiú?

Cén pobal a mbeifeá ag súil leis ag an taispeántas?

Conas a dhéanfaí an taispeántán a fhógairt agus a chur chun cinn?

Gluais Téarmaí

An Ealaín Chomhaimseartha: ealaín na linne seo; úsáidtear an téarma 'ealaín chomhaimseartha' chun cur síos a dhéanamh ar phíosáí ealaíne atá a gcruthú anois nó a cruthaíodh le déanaí. Deirtear go mbaineann an téarma ealaín chomhaimseartha le píosaí ealaíne a cruthaíodh ó na 1970í go dtí an lá atá inniu ann.

Avant-Garde: I gcomhthéacs na healaíne, déanann an téarma avant-garde tagairt d'ealaíontóirí a bhfuil nós imeachta radacach, nuálach, ceannródaíoch agus trialach acu chun ealaín a chruthú.

Cartlanna: bailiúchán mór doiciméad nó taifead a thiomsaíonn agus a stóráilann institiúid. I Stiúideo Francis Bacon, fuarthas os cionn 7,000 earra éagsúil. Rinneadh gach ceann de na hearraí sin a thaifead i mbunachar sainchuspóireach. Is é an Bunachar sin an chéad uair riamh a cuireadh le chéile cartlann dhigiteach de na hábhair ar fad a fuarthas i stiúideo ealaíontóirí a bhfuil clú domhanda air. Tá iontráil sonraí sa bhunachar ag gach earra ar leith a fuarthas sa stiúideo. Tugtar íomhá agus cuntas gairid faoin earra i ngach iontráil. Rinneadh comhéadan poiblí den bhunachar sin a dhearadh agus is féidir rochtain a fháil ar an gcomhéadan sin ag na teirminéil scáileán tadhaill i micreaghailearaí choimpléasc stiúideo Francis Bacon. Féach <http://www.hughlane.ie/history-of-studiorelocation>

Coimeádaí: Is ionann coimeádaí músaeim nó gailearaí agus an té a cheannaíonn bailiúchán déantán nó saothair ealaíne, a thugann aire dóibh, agus a dhéanann iad a fhorbairt, a thaispeáint agus a léirmhíniú. Tá sé de chúram ar an gcoimeádaí taispeántais a eagrú ar mhaithe le heolas, oideachas agus inspioráid a thabhairt don phobal. Agus coimeádaí ag eagrú taispeántais beidh roghanna éagsúla le déanamh acu maidir le conas an saothar ealaíne a chur i láthair. Léiríonn na téarmaí seo a leanas cuid de na bealaí éagsúla ar féidir le coimeádaí úsáid a bhaint astu chun taispeántas a eagrú.

De réir Téama: Eagraítear an saothar sa taispeántas de réir téamaí a tháinig chun cinn i saothar an ealaíontóra ag tráthanna éagsúla dá shaol. Sa chur chuige sin, d'fhéadfaí teicnící, meáin agus ábhair éagsúla a d'úsáid an t-ealaíontóir go minic thar tréimhse áirithe ama a chur in iúl.

Go croineolaíoch: déantar an saothar ealaíne a eagrú nó a chrochadh ar bhonn seicheamhach, de réir an ama/na dátaí a chruthaigh an t-ealaíontóir an saothar. Cruthaíonn an coimeádaí amlíne le híomhánna; ag cur i láthair shaothar luath an ealaíontóra ag tús an taispeántais roimh dhul ar aghaidh go dtí saothar déanach an ealaíontóra. Tugann an cur chuige seo deis don phobal na hathruithe a tharla igcaitheamh an ama do stíl agus d'ábhar an ealaíontóra a scrúdú.

Go geografach: Déantar an saothar ealaíne a eagrú de réir na háiteanna inar cruthaíodh é. D'fhéadfadh sé go raibh an t-ealaíontóir ina chónaí in áiteanna éagsúla i rith a shaol. D'fhéadfadh sé gur imir na háiteanna sin tionchar mór ar an saothar a chruthaigh sé nó sí.

Comhthéacs: Is é seo na cúinsí nó na hócáidí a mbíonn tionchar acu ar an timpeallacht ina dhéantar nó ina tharlaíonn rud éigin. Tá sé tábhachtach saothar an ealaíontóra a chur i gcomhthéacs. Is féidir é seo a dhéanamh ar go leor bealaí éagsúla: go stairiúil, go cultúrtha nó ag baint úsáid as na nótaí beathaisnéise a chuirtear ar fáil ag an taispeántas. Féadfaidh téacsanna, ráitis, sleachta ón ealaíontóir nó íomhánna a bhaineann le píosa ealaíne ar leith eolas a thabhairt don phobal chun cabhrú leo léargas níos fearr a fháil ar shaothar agus ar chuspóirí an ealaíontóra.

Ealaín Fhíorach: Déanann an téarma seo tagairt do phéintéireacht agus do dhealbhóireacht a bhfuil baint shoiléir aige le fíor-rudaí sa saol. Féadann an lucht féachana an foinse a spreag an t-ealaíontóir chun an píosa ealaíne a chruthú a aithint gan stró. Is minic fíor dhaonna nó ainmhí a bheith ina n-ábhar ag an ealaíontóir atá ag cruthú ealaín den chineál seo.

Ealaín Theibí: Is ionann ealaín theibí agus ealaín nach bhfuil cruthanna macasamhlacha le feiceáil ann.

Eispriseanachas: Baineann an téarma eispriseanachas le stíl ealaíne a tháinig chun cinn sa Ghearmáin ag tús an fichiú haois. Sa stíl seo, léirítear an t-ábhar ar bhealach an-suibiachtúil ina nochtar na smaointe is doimhne i gcroí agus in aigne an ealaíontóra seachas iarracht a dhéanamh na rudaí mar atá siad a léiriú. Úsáideadh an t-ealaíontóir eispriseanaíoch dathanna láidre nó d'athródh sé cruth an ábhair a bhí á léiriú aige chun mothúcháin láidre agus atmaisféar ar leith a mhúscailt.

Foinse Phríomha: Chun saothar ealaíne a chruthú, is minic a úsáideann ealaíontóir foinse phríomha mar thúsphointe. Is ionann foinse phríomha agus fíor-rud nó fíordhuine sa saol ar féidir leis an ealaíontóir breathnú air ó gach taobh agus líníochtaí/pictiúirí breathnaitheacha a dhéanamh de.

Foinse Thánaisteach: Ó thaobh an chleachtais ealaíne de, is ionann foinsí tánaisteacha agus acmhainní físe ar féidir leis an ealaíontóir iad a úsáid chun spreagadh a thabhairt don saothar ealaíne atá á chruthú acu. Go minic, úsáidtear íomhánna ó irisí, leabhair agus ó ghrianghraif mar fhoinsí tánaisteacha, acmhainní a d'úsáid Bacon an t-am ar fad agus é ag cruthú a chuid pictiúirí. Féadfaidh foinsí téacsbhunaithe amhail filíocht, litríocht, píosaí scríbhneoireachta nó comhfhreagras a úsáid mar fhoinsí tánaisteacha chun saothar ealaíne a spreagadh.

Neas-suíomh: Is ionann neas-suíomh agus rudaí a thaispeáint le hais a chéile, ar mhaith len iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

Nua-aoiseachas agus an Nua-Ealaín: Baineann na téarmaí seo le gluaiseachtaí agus le teoiricí éagsúla ealaíne a dhiúltaíonn do stíleanna ealaíne traidisiúnta agus clasaiceacha. Bhain an nua-aoiseachas leis na hImpriseanaithe ar dtús agus le Ciúbachas, le hOsréalachas, le Pop-ealaín agus le hEispriseanachas teibí, srl., ina dhiaidh sin. Glaoitear nua-ealaín ar shaothair ealaíne a cruthaíodh idir na 1860í agus na 1960í.

Tagairtí:

- Cappock, Margarita, (2005) *Francis Bacon Studio*, Londain: Merrell Publishers Ltd.
- Daniels, Rebecca, (2009) Francis Bacon and Peter Beard: the Dead Elephant Interviews and Other Stories in *Francis Bacon: A Terrible Beauty*, 2009, Steidl Ich. 134-151
- Dawson, Barbara, (2005) Francis Bacon Studio: The Dublin Chapter ; in Cappock, M. *Francis Bacon Studio*, Londain: Merrell Publishers Ltd. Ich. 11-21
- Dawson, Barbara, (2009) Francis Bacon: A Terrible Beauty in *Francis Bacon: A Terrible Beauty*, 2009, Steidl Ich. 50-69
- Harrison, Martin, (2009) Latent Images in *Francis Bacon: A Terrible Beauty*, 2009, Steidl Ich 71-87
- O'Donnell, Jessica, (2009) The Street...the only valid Field of experience': Francis Bacon and the Photography of John Deakin in *Francis Bacon: A Terrible Beauty*, 2009, Steidl Ich. 88- 121
- Shepard, Joanna, (2009) A game of Chance: The Media and Techniques of Francis Bacon in *Francis Bacon: A Terrible Beauty*, Steidl Ich. 152-175

Leabharliosta Roghnaithe:

- Cappock, Margarita., *Francis Bacon Studio*, 2005
- Cappock, Margarita (ed.) et al, *Dublin City Gallery The Hugh Lane: Guide to the Collection*, 2006
- Dawson, Barbara. (ed.) et al, *Francis Bacon: A Terrible Beauty*, 2009
- Harrison, Martin, *In Camera: Francis Bacon, Photography, Film and the Practice of Painting*, 2005
- Harrison, Martin, *Incunabula*, 2008
- O'Donnell, Jessica, *Kids Guide to the Francis Bacon Studio*, 2002
- O'Donnell, Jessica, *Discover Art at Dublin City Gallery The Hugh Lane*, 2008
- Sylvester, David, *Interviews with Francis Bacon*, 1993.
- Sylvester, David, *Looking Back at Francis Bacon*, 2000

Suíomhanna gréasáin úsáideacha: www.hughlane.ie

www.francis-bacon.com

Dánlann An Hugh Lane: Acmhainn

do Dhaltáí Ardteistiméireachta

Fiona King a scríobh.

Eagarthóireacht: Jessica O'Donnell, Ceann Oideachais agus For-Rochtana Pobail, Dánlann An Hugh Lane.

Rinne **Fiona King** staidéar ar Mhínealaín i nDéanamh Priontaí ag Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford, agus bhain sí amach céim san ábhar in 1991. Bhain sí amach Dioplóma san Ealaín agus i nDearadh Teicstíil in 1997 agus Máistreacht san Oideachas sna hAmharc-ealaíona in 2011 ó NCAD. Tá sí ag obair faoi láthair mar léachtóir i nDámh an Oideachais, NCAD.

Cuairt a thabhairt ar Dhánlann Chathair Bhaile Átha Cliath An Hugh Lane

Is féidir turais threoraithe den bhailiúchán, de thaispeántais shealadacha agus de stiúideo Francis Bacon a chur in áirithint do scoileanna nó do ghrúpa cuairteoirí ach dul i dteagmháil linn ar a laghad dhá sheachtain roimh ré. Cosnaíonn na turais €30 an grúpa, agus ceadaítear suas go dtí 30 duine in aon ghrúpa amháin. Le tuilleadh eolais a fháil faoi chuairteanna a eagrú chuig Stiúideo Francis Bacon i nDánlann An Hugh Lane, déan teagmháil leis an Roinn Oideachais agus Taighde, Dánlann An Hugh Lane, Teach Charlemont, Cearnóg Parnell Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. T. 01 2225550 nó tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na Dánlainne: www.hughlane.ie/education

Tá sonraí faoi na taispeántais ar fad atá ag tarlú faoi láthair agus atá le tarlú go luath, chomh maith le heolas faoi chlár oideachais, le fáil ar shuíomh gréasáin na Dánlainne www.hughlane.ie agus i gclár imeachtaí na Dánlainne.

Uaireanta Oscailte na Dánlainne

Máirt-Déardaoin 09.45am-6pm

Aoine agus Satharn 09.45am-5pm

Domhnach 11.00am-5pm

Dúnta ar an Luan

© Dánlann An Hugh Lane